

## Fuaim curtha le logainmneacha Chontae Aontroma ar [logainm.ie](http://logainm.ie)

Is féidir le cuairteoirí ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 600 logainm i gContae Aontroma. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí, na dtoghrann agus na mbailte, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Pat McKay as Baile Raghnaill a chuir fuaim le logainmneacha Chontae Aontroma. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha ó na 26 chontae ó 2015 i leith agus cuireadh fuaim le Co. an Dúin in 2019. Táthar ag súil go gcuirfidh na comhaid fuaime seo treoir d'fhuaimniú áitiúil na logainmneacha ar fáil do thaighdeoirí agus don phobal ar aon.

Rinne Gaois (Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU) an obair seo i gcomhpháirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) agus leis an *Northern Ireland Place-Name Project* (Ollscoil na Banríona, [www.placenamesni.org](http://www.placenamesni.org)).

Is suíomh gréasáin é [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar os cionn 126,500 ceantar, baile, sráid agus postoifig ar fud na tíre ar fáil don phobal. Tagann suas le 40,000 cuairteoir sa mhí chuig an suíomh seo.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí, agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca trí chuardach a dhéanamh ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie). Tá an suíomh ina ábhar spéise chomh maith do dhaoine ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Leantar den obair ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) agus cuirtear tuilleadh logainmneacha agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh ar bhonn leanúnach. Tá an bunachar logainmneacha féin á athdhearadh i mbliana.

### Nóta d'eagarthóirí:

Tá [logainm.ie](http://logainm.ie) agus [meitheal.logainm.ie](http://meitheal.logainm.ie) á bhforbairt ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tuilleadh eolais ar fáil ó [logainm@dcu.ie](mailto:logainm@dcu.ie) nó (01) 700 6577.



logainm.ie



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

